



Ciorclán 0077/2020

**Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí Bunscoileanna,
Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha,
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

SCÉIM DEONTAIS LE hAGHAIDH INFREASTRUCHTÚR TFC - SCOILBHLIAIN 2020/2021

Réamhrá agus Cuspóir

Mar chuid de chur i bhfeidhm *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 Foghlaim agus Measúnacht Teagaisc a Fheabhsú*, déanfar maoiniú de €210m don Infreastruchtúr TFC a dháileadh ar scoileanna thar chúig bliana na Straitéise. Tá € 160m eisithe thar shaolré na straitéise go dtí seo, agus is ionann é seo agus an tráinse deiridh maoinithe.

Tá €40m á eisiúint anois i bhfoirm íocaíochta deontais do gach scoil incháilithe.

Tá €10m breise i maoiniú deontais á eisiúint anois, bunaithe ar chritéir a leagtar amach thíos.

Tá faisnéis faoi chúlra na scéime seo don € 40m, agus an maoiniú breise € 10m, na rátaí agus incháilitheacht don mhaoiniú seo, leagtha amach thíos. Déanfar an deontas € 40m agus an ghné mhaoinithe breise € 10m a phróiseáil mar íocaíocht amháin a eiseofar chuig cuntais bhainc scoile. Ní chaithfidh scoileanna cur isteach ar an maoiniú deontais seo.

Is féidir le scoileanna tosaíocht a thabhairt do phleananna caiteachais don deontas seo, más gá, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais TFC a shainiú i gcomhthéacs na géarchéime sláinte poiblí atá ann i láthair na huair. D'fhéadfadh gléasanna TFC a cheannach a bheith i gceist anseo, gléasanna is féidir a roinnt le daltaí nach bhfuil rochtain acu ar ghléasanna chun leanúnachas na foghlama le linn na géarchéime sláinte poiblí a chumasú.

D'eisigh an Roinn [Ciorclán 0074/2020](#) le déanaí, inar ceanglaíodh ar scoileanna ardán cumarsáide agus foghlama a chur ar bun a thacaíonn le scoileanna gníomhú má dhúntar scoileanna go hiomlán nó go páirteach sa todhchaí. Féadtar an maoiniú seo a úsáid chun tacú le ceanglais an chiorcláin sin a chur i bhfeidhm.

An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Tá polasaí na Roinne maidir le neadú na dteicneolaíochtaí digiteacha san Oideachas leagtha amach sa [Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 go 2020 Teagasc, Foghlaim agus Measúnú](#) a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2015.

Leagtar amach sa Straitéis seo fíis shoiléir atá dírithe ar phoitéinseal na dteicneolaíochtaí digiteacha a bhaint amach chun taithí foghlama na ndaltaí a chlaonú trí chabhrú leo a bheith rannpháirteach mar smaointeoirí, foghlaimoirí gníomhacha, tógálaithe eolais agus saoránaigh dhomhanda a ghlacann páirt iomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar.



Is sa Straitéis sin a leagtar amach plean chun Teicneolaíochtaí Digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú trí chlár saothair uailmhianach oibre don tréimhse idir na blianta 2015-2020 faoi réimse de cheanteidil:

- Téama 1: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú trí TFC a úsáid
- Téama 2: Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí
- Téama 3: Ceannasaíocht, Taighde agus Polasaí
- Téama 4: Infrastruchtúr TFC

Forbraíodh sraith gníomhartha agus spriocanna faoi gach téama chun dul chun cinn leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn thar shaolré na Straitéise. Tá freagrachtaí ar leith ar phríomh-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear an Roinn agus a gníomhaireachtaí, soláthraithe Oideachais Múinteoirí, pobail scoile agus múinteoirí chun na gníomhartha seo a chur chun cinn.

Tá soláthar maoinithe chun tacú le nuashonrú agus athnuachan infrastruchtúr TFC na scoile ar cheann de na gníomhaíochtaí tosaíochta.

Gníomhartha Tosaíochta faoin Straitéis

I measc na ngníomhaíochtaí tosaíochta atá ar siúl i láthair na huaire tá

- Tá Creat um Foghlaim Dhigiteach ar fáil chun cuidiú le múinteoirí agus ceannairí scoile teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i gcleachtais teagaisc, foghlama agus ceannaireachta agus bainistíochta. Comhlánaíonn an CFD an próiseas Féinmheastóireachta Scoile (FS) agus tacaíonn sé le hathchóiriú curaclaim. Tá tacaíochtaí ar fáil ón PDST chun cabhrú le scoileanna an DLF a chur i bhfeidhm. Tuilleadh faisnéise ar fáil ag <https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/>.
- Mar a fhoráiltear dó de réir na Straitéise Dhigití, is é polasaí na Roinne go n-áirítear i ngach sonraíocht curaclaim athbhreithnithe agus nua ráitis shoiléire foghlama ina ndírítear ar scileanna foghlama digiteacha a fhorbairt agus ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun torthaí foghlaimeoirí a bhaint amach.
- Tá Treoirlínte Pleanála um Foghlaim Dhigiteach ar fáil freisin chun cabhrú le scoileanna a bPleananna Foghlama Digiteacha a fhorbairt agus i gcur i bhfeidhm an CFD Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.dlplanning.ie
- Cuirfidh an SFGM-TIE agus seirbhísí tacaíochta eile deiseanna eolais, teorach agus FGL ar fáil do scoileanna de réir mar is cuí.



Gnéithe den Scéim Dheontais

- Ghlac an scéim cur chuige cúig bliana, bunaithe ar an € 210m a cuireadh ar fáil thar an tréimhse. Éascaíonn an cur chuige seo pleanáil ilbhliantúil ar scoileanna.
- Táthar ag súil go ndéanfaidh gach scoil Plean Foghlama Digiteach a cheapadh ag baint úsáide as cur chuige scoile uile agus a gcomhthéacs agus a n-imthosca san áireamh. Déanfaidh an plean cur síos ar fhís na scoile maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a ionchorprú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú agus spriocanna agus tosaíochtaí le haghaidh feabhsaithe agus forbartha a ionchorprú.
- Ba cheart an Plean um Fhoghlaim Dhigiteach a athbhreithniú agus a nuashonrú, uair sa bhliain ar a laghad, agus tabharfaidh sé, mar phlean, treoir chun an maoiniú deontais a úsáid chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i gcur chuige céimnithe agus comhleanúnach chun torthaí foghlama do dhaltaí a fheabhsú.
- Is féidir maoiniú a úsáid le haghaidh ríomhairí teagaisc a cheannach chomh maith le ríomhairí a roinneann daltaí, teilgeoirí, trealamh líonraithe, uirlisí scamallbhunaithe, ardáin foghlama, bogearraí agus feidhmchláir oideachais, agus trealamh eile atá deartha chun tacú le teagasc agus foghlaim sa scoil. I gcomhthéacs na géarchéime reatha sláinte poiblí COVID-19, is féidir le scoileanna tosaíocht a thabhairt don mhaoiniú seo chun tacú le hiarrachtaí ar mhaithe le leanúnachas foghlama. Tá tuilleadh eolais maidir le hearraí ar féidir iad a cheannach leis an maoiniú seo san aguisín.
- Is féidir leis an maoiniú cuidiú le scoileanna ábhair ETIM a chur i bhfeidhm, agus sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe ag an tSraith Shóisearach agus Shinsearach, agus leis na hathruithe ar an gcuraclam bunscoile, mar a gcuireann úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ar a gcumas iad a sheachadadh.
- Úsáidtear foirmle maoinithe caighdeánach a chuimsíonn cnapshuim ráta comhréidh agus méid per capita do gach dalta atá rollaithe chun an deontas atá dlite do gach scoil a ríomh.
- Baineann ráta feabhsaithe per capita le daltaí atá cláraithe i scoileanna Speisialta agus scoileanna DEIS agus i ranganna speisialta
- Áirítear gach dalta a leanann cláir bhunscoile agus iar-bhunscoile chun críocha ríomha per capita i mbhunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna aitheanta
- Faigheann scoileanna a ghearrann táille 50% den ráta a bhaineann le scoileanna sa scéim oideachais saor in aisce.
- Beidh gach scoil a d'oscail roimh bhliain féilire 2017, nó atá lonnaithe i bhfoirgnimh scoileanna a tógadh roimh bhliain féilire 2017, incháilithe don mhaoiniú sin.
- Tabharfar tacaíocht don scéim trí threoir theicniúil agus treoir maidir le soláthar a chur ar fáil do scoileanna agus dá gceannairí.
- Ní mór maoiniú a úsáid chun trealamh TFC a cheannach agus ní mór do scoileanna socruithe bunaithe um sholáthar phoiblí a úsáid. Tá tuilleadh eolais ar threalamh cuí, agus ar shaincheisteanna soláthair, lena n-áirítear naisc ábhartha, leagtha amach san Aguisín.
- Ní mór taifid chaiteachais agus doiciméadú tacaíochta a choinneáil agus a bheith ar fáil lena n-iniúchadh más gá
- Caithfidh scoileanna a chinntiú go gcomhlíonann siad Ciorclán: 13/2014 Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontas ó Chistí Stáitchiste.



Eolas/Ceisteanna Breise

Tá treoir agus faisnéis mhionsonraithe leagtha amach san Aguisín atá ceangailte leis an gCiorclán seo.

Beidh Ceisteanna Coitianta faoin scéim ar fáil ar láithreán gréasáin SFGM-Theicneolaíocht san Oideachas, agus déanfar iad a nuashonrú go rialta, bunaithe ar cheisteanna agus aiseolas ó scoileanna.

Ba chóir fiosruithe maidir le hoibriú na scéime deontais seo a sheoladh chuig:
ictpolicy@education.gov.ie.

Chris Kelly
Príomhoifigeach
Beartas um Oideachas Múinteoirí - Digiteach
Samhain 2020



AGUISÍN A:

SCÉIM DEONTAIS LE HAGHAIDH INFREASTRUCHTÚR TFC -SCOILBHLIAIN 2020/2021

1. Eisiúint Uathoibríoch de Mhaoiniú Deontais €50 le haghaidh TFC

1) Íocfar an deontas seo go díreach isteach i gcuntas bainc na scoile, bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach. Ní chaithfidh scoileanna cur isteach don mhaoiniú seo. Mar aon le cúnamh dheontais an státchiste, ní mór d'údaráis scoile a bheith in ann taifid mhionsonraithe a chur ar fáil maidir le conas ar caitheadh maoiniú, arna soláthar faoin scéim seo. Caithfear gach caiteachas a bhaineann leis an scéim a dhearbhu agus ní mór do scoileanna a bheith in ann a chruthú gur baineadh úsáid as an gcaiteachas ar infreastruchtúr a cheadaítear faoin scéim. Ní mór sonraisc agus fáltais a choinneáil i gcás cigireachta iniúchta ag an Roinn agus / nó ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Is gá do scoileanna sonraí maidir le meastacháin a fuarthas, sonraisc, fáltais agus aon taifid ábhartha eile a choinneáil i leith gach caiteachais ar feadh tréimhse seacht mbliana. Tá mionsonraí san *Aguisín* seo faoi chineál na dtaifead a chaithfear a choinneáil. Caithfidh scoileanna, arna iarraidh sin, ráiteas scríofa a thabhairt don Roinn maidir le caiteachas an deontais agus aon iarmhéideanna agus faisnéis ábhartha eile. Má dhúnann scoil go buan, ní mór aon chothromaíocht a shealbhaítear sa chuntas a ghéilleadh don Roinn ar an dáta a stopann an scoil de bheith ag feidhmiú. Coinníonn an Roinn an ceart fócaíochtaí a choinneáil siar ó scoileanna mura gcomhlíonann siad le haon cheann de théarmaí na Scéime seo.

2) Caithfidh an t-infreastruchtúr TFC a roghnaíodh le ceannach a bheith i gcomhréir leis an liosta leathan bonneagair údaraithe mar atá leagtha amach i Roinn 3 san Aguisín seo.

3) Caithfidh scoileanna a chinntiú go gcomhlíonann siad Ciorclán: 13/2014, Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontas ó Chistí Státchiste. Féach: <https://govacc.per.gov.ie/wp-content/uploads/DPER-Circular-13-14-Guidance-Note-and-Reporting-Requirements-1.pdf>.

Faisnéis faoi rátaí Deontais agus critéir a bhaineann le maoiniú deontais € 40m

1. Gheobhaidh gach scoil, bunscoil, iarbhuscoil agus scoileanna speisialta, cnapshuim €2,000 (€1,000 i leith scoileanna a ghearrann táillí) in aghaidh na scoile.

2. Íocfar méid per capita mar seo a leanas:

- a. €30.25 in aghaidh an dalta príomhshrutha ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais, i mbunscoileanna príomhshrutha,
- b. €36.30 in aghaidh an dalta a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais, i ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha, agus in aghaidh an dalta i scoileanna speisialta.
- c. €33.28 in aghaidh an dalta ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais i mbunscoileanna DEIS.
- d. €43.26 in aghaidh an dalta ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais in iar-bhunscoileanna.
- e. €47.58 in aghaidh an dalta ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais in iarbhuscoileanna DEIS.



f. €21.63 in aghaidh an dalta ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais i scoileanna a ghearrann táillí.

3. Beidh gach scoil a d'oscail roimh bhliain féilire 2017, nó i bhfoirgnimh scoile a tógadh roimh bhliain féilire 2017, incháilithe don mhaoiniú sin.

Faisnéis faoi rátaí Deontais agus critéir a bhaineann le maoiniú deontais € 10m

Dáilfear cuid den mhaoiniú € 50m, € 10m, i gcnapshuim bunaithe ar mhéid na scoile, agus € 3m le heisiúint chuig bunscoileanna, agus € 7m le heisiúint chuig iar-bhunscoileanna. Gheobhaidh gach bunscoil agus gach scoil speisialta aitheanta an maoiniú seo gan aon eisiámh. Gheobhaidh gach iar-bhunscoil sa scéim oideachais in aisce an maoiniú seo bunaithe ar líon na ndaltaí atá cláraithe agus ag tabhairt faoi chlár iar-bhunscoile. Eiseofar an maoiniú bunaithe ar mhéid na scoile, mar atá mínithe sna táblaí thíos:

: Iar-Bhunscoileanna

Réimsí Rollaithe	Ráta neamh-DEIS	Ráta DEIS
≤249	€2,600	€2,900
250-499	€7,100	€7,900
500-749	€13,250	€14,600
750 móide	€17,300	€19,100

Bunscoileanna agus bunscoileanna speisialta

Réimsí Rollaithe	Ráta neamh-DEIS	Ráta DEIS
≤99	€550	€600
100-249	€950	€1,000
250-499	€1,400	€1,500
500-749	€1,900	€2,100
750 móide	€2,700	€3,000

Tá an maoiniú seo dírithe go háirithe ar chabhrú le scoileanna aghaidh a thabhairt ar riachtanais TFC a shainaithnítear i gcomhthéacs na géarchéime sláinte poiblí atá ann faoi láthair.

D'fhéadfadh gléasanna TFC a cheannach a bheith i gceist anseo, gléasanna is féidir a roinnt le daltaí nach bhfuil rochtain acu ar ghléasanna ná ardáin riachtanacha foghlama agus infreastruchtúr eile TFC chun tacú le cianfhoghlaim a sholáthar. Iarrtar ar scoileanna dara leibhéal díriú ar dhaltaí scrúdaithe stáit nach mbeadh rochtain acu ar ghléasanna ar an gcéad dul síos. Is leis an scoil gach gléas a cheannaítear agus moltar do scoileanna comhaontú a chur i bhfeidhm le daltaí / tuismitheoirí / múinteoirí a fhaigheann na gléasanna seo chun foráil a dhéanamh maidir le húsáid an ghléis ar feadh tréimhse luaite, agus chun socruithe a dhéanamh chun na gléasanna sin a thabhairt ar ais.



2. Cur i bhfeidhm na Straitéise Digití i scoileanna

Cuireann an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna (2015-2020) béim ar an bhfís maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a ionchorprú i scoileanna na hÉireann 'chun cumas teicneolaíochtaí digiteacha a fheabhsú chun an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú a fheabhsú ionas go mbeidh daoine óga in ann a bheith mar smaointeoirí rannpháirteacha, foghlaimeoirí gníomhaíochta, tógálaithe eolais agus saoránaigh dhomhanda agus go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar ". Cuirtear béim ann freisin ar ról atá ag infreastruchtúr TFC i dtaca le tacú le cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe i scoileanna:

- Tá gach scoil uathúil agus mar sin ní mór di a staid shonrach féin a mheas, lena n-áirítear cuspóirí agus tosaíochtaí.
- Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a gculpóirí teagaisc, foghlama agus measúnaithe reatha.
- Ba cheart don Plean Foghlama Digiteach (Plean eLearning roimhe seo) machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leis an scoil an maoiniú a úsáid go straitéiseach, thar na 5 bliana i gcur chuige céimnithe agus comhleanúnach chun torthaí foghlama a fheabhsú do dhaltáí.
- Tar éis dóibh na cuspóirí níos fadtéarmacha a mheas thar 5 bliana, ba cheart dóibh ansin an chéim ábhartha a bhaineann lena bPlean Foghlama Digiteach a chur i bhfeidhm dá mbliain reatha.

Meastar go gcuideoidh na ceisteanna athbhreithnithe *'féinmheastóireacht scoile'* seo a leanas le scoileanna sa phróiseas:

1. Cé chomh rathúil agus atá teicneolaíochtaí digiteacha comhtháite sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú inár scoil?
2. Cad iad na láidreachtaí atá againn maidir le comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
3. Cad iad na réimsí atá le forbairt maidir le comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha i dteagasc na foghlama agus an mheasúnaithe?
4. An bhfuil fíis ag ár scoil maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú?
5. Ar chruthaigh muid Plean Foghlama Digiteach?
6. An bhféadfaí ár bPlean um Foghlaim Dhigiteach a leagan amach lenár réimsí eile tosaíochta teagaisc agus foghlama?
7. An féidir linn an Plean um Foghlaim Dhigiteach a roinnt de réir tosaíochtaí atá faoi theorainn ama?
8. Cad iad tosaíochtaí na bliana reatha i gcomparáid leis an bPlean foriomlána?
9. Cad iad na gníomhartha is gá dúinn a ghlacadh chun na tosaíochtaí sin a chur i bhfeidhm?
10. Cad iad na teicneolaíochtaí (is é sin, trealamh TFC agus Bonneagar TFC) is féidir tacú leis an scoil chun ár bhfís a bhaint amach?
11. Cén chomhairle agus tacaíochtaí a bhaineann le Teicneolaíocht Dhigiteach ar féidir linn teacht orthu le cuidiú linn?



3. Treoir don Trealamh agus don Bhonneagar a fhéadfar a cheannach faoin Scéim Deontas TFC

- Ríomhairí Teagaisc: D'fhéadfadh go mbeadh ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha ann (le tabhairt faoi deara: tá córas díreach tarraingthe ar fáil do scoileanna le haghaidh Ríomhairí Deisce agus ríomhairí glúine a cheannach ag www.spu.ie chun an próiseas a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos inrochtana. Áirítear leis seo trealamh chun DCG a sholáthar.
- Ríomhairí a roinneann daltaí: D'fhéadfadh go mbeadh ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha san áireamh. Áirítear leis seo trealamh chun DCG a sholáthar.
- Teilgeoirí lena n-áirítear caitheamh gearr nó caitheamh an-ghearr, caitheamh fada, idirghníomhach, nó scáileáin chothrom idirghníomhacha (IFS)
- Trealamh líonraithe (mar shampla, líonrú seasta agus gan sreang, agus cáblaí, lasca agus suiteáil san áireamh)
- Uirlisí agus feidhmchláir néal-bhunaithe chun tacú le foghlaim
- Ardáin foghlama - de ghnáth is ionann iad seo agus feidhmchláir néal-bhunaithe a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.
- Bogearraí áitiúla nó 'aipeanna' chun tacú le foghlaim.
- Trealamh eile TFC: D'fhéadfadh gnéithe ábhartha agus oiriúnacha TFC le húsáid chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú a bheith i gceist leis seo. Cuimsíonnliosta molta (cé nach liosta iomlán é) trealaimh chlosamhairc amhail ceamaraí socra agus físcemaraí, callairí, teicneolaíochtaí idirghníomhacha chur i láthair, amharcléiritheoirí agus trealamh, lena n-áirítear tralaithe soghluaiste do ríomhairí glúine agus táibléid, printéirí agus freastalaí scoile.

Seomraí ranga nó limistéir eile teagaisc:

- Ní mór go mbeadh rochtain ag múinteoirí i seomraí ranga ar ríomhaire teagaisc oiriúnach, agus teilgeoir digiteach nó scáileáin chothroma idirghníomhacha (IFS)
- Is faoin scoil féin an ríomhaire teagaisc a roghnaítear, ach is féidir ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid, gléasanna hibrideacha nó meascán dóibh sin a bheith san áireamh.

Seomraí Ríomhairí (más infheidhme):

- Ba chóir go mbeadh ríomhaire teagaisc, ríomhairí dhaltaí (ríomhairí deisce, ríomhairí glúine nó táibléid), printéir agus teilgeoir digiteach nó scáileáin chothroma idirghníomhacha (IFS) ar fáil i ngach seomra ríomhairí.
- Is rogha do scoil í an ríomhaire a roghnaítear le haghaidh daltaí. Féadfaidh scoileanna ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó meascán dóibh sin a úsáid.

Nósanna Imeachta Tairisceana agus Coimeád Taifead

Ní mór do gach ceannachán a bheith de réir Nósanna Imeachta Soláthair Poiblí Ba cheart go mbainfí úsáid agus leas as creatlaigh ceannach TFC atá ann cheana ceann is go simplíonn siad an próiseas a bhaineann le trealamh TFC a cheannach do scoileanna. Tá teoracha chun cuidiú le scoileanna a úsáideann an córas Chreatlaí sna Treorachaa OSR. Ba cheart do scoileanna dul i dteagmháil leis an Aonad Soláthair Scoile le haghaidh tuilleadh faisnéise agus tacaíochta mar is



gá ag www.spu.ie Ba chóir aire a thabhairt lena chinntiú go bhfuil an tsonraíocht theicniúil chomhionann curtha ar fáil do na díoltóirí uile tráth a n-iarrfar meastacháin scríofa.

Bhunaigh an OSR, i gcomhairle leis an Aonad Soláthair Scoileanna, BOOE, agus SFGM-TiE, córas díreach tarraingthe do scoileanna le ríomhairí Deisce agus ríomhaire glúine agus gléasanna hibrideacha a cheannach, rud a chiallaíonn nach gcaithfidh scoileanna meastacháin a fháil. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.spu.ie.

Tá faisnéis faoin gCreatlach TFC reatha ar fáil ag www.spu.ie. D'fhonn teacht ar naisc ar shuíomh OSR, ba cheart do scoileanna clárú mar cheannaitheoirí ar shuíomh Gréasáin Soláthair OSR www.ogp.gov.ie. Is féidir eolas ar Chreat Soláthraithe Lónra Gan Sreang do scoileanna a fháil ag <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology/Purchasing-Frameworks/>.

Nuair a bhíonn trealamh á cheannach nach bhfuil aon chreatlach TFC ina leith, moltar do scoileanna dul i dteagmháil leis an Aonad Soláthair Scoile chun tuilleadh comhairle agus faisnéise a lorg. Chomh maith leis sin ba chóir do scoileanna tagairt a dhéanamh do na bileoga comhairle a bhaineann le Teicneolaíocht san Oideachas de chuid SFGM, maidir lena riachtanais theicniúla: <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology>, agus ansin an luach is fearr ar airgead a lorg trí mheastacháin scríofa a fháil de réir rialacha soláthair poiblí.

Ba chóir do S coileanna tagairt a dhéanamh don Aonad Soláthair Scoile **Treoir do Scoileanna ar Dhea-Chleachtais Soláthair** ar fáil ar shuíomh Gréasáin an SPU www.spu.ie agus faisnéis maidir le Soláthar na hOifige Rialtais ag www.ogp.gov.ie.

Ról an Bhoird Bhainistíochta

Ní mór don Bhard Bainistíochta sraith nósanna imeachta a rialaíonn ceannacháin a bhunú agus ba cheart go leagfaí amach na socruithe maidir le tairiscintí agus ceannach earraí, sonraisc a íoc agus taifid chuntasaíochta a chothabháil. Tá na rialacha sin leagtha amach go soiléir sa Treoir um Scoileanna ar Dhea-Chleachtais Soláthair ar fáille híoslódáil ón nasc seo - <https://www.spu.ie/publications-2/procurement-guide/>.

Tacaíocht agus Eolas

Pleanáil don Fhoghlaim Dhigiteach

- Is féidir faisnéis faoin Pleanáil um Fhoghlaim Dhigiteach do scoileanna a fháil ag www.pdsttechnologyineducation.ie/planning (agus tríd an 2 tiomnaithe > www.dlplanning.ie suíomh Gréasáin tiomnaithe forbraíodh chun tacú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú).
- Má tá ceisteanna faoi leith ag scoileanna maidir le Pleanáil don Fhoghlaim Dhigiteach, is féidir na ceisteanna sin a chur le ríomhphost chuig <https://dlplanning.ie/contact/>

Treoracha agus Faisnéis ar TFC

- Is féidir teacht ar chomhairle TFC maidir le teicneolaíochtaí oiriúnacha ag www.pdsttechnologyineducation.ie/technology.



- Má tá ceisteanna faoi leith ag scoileanna maidir le comhairle TFC, is féidir na ceisteanna sin a chur le ríomhphost chuigictadvice@pdst.ie.

Acmhainní do mhúinteoirí a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc agus don fhoghlaim

- Soláthraíonn Tairseach oifigiúil na Roinne d'oideachas na hÉireann (**Scoilnet.ie**) os cionn 21,000 acmhainní digiteacha ar ardchaighdeán atá ailínithe le curaclam na bunscoile agus na sonraíochtaí ábhair iarbhunscoile a fhéadfaidh múinteoirí a úsáid chun teagasc agus foghlaim.
- Tá físeáin ina léirítear dea-chleachtas in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le roinnt cineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí teagaisc ar fáil ag <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/ga/Good-Practice/Videos/>.
- Tá físeáin a léiríonn dea-chleachtas in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le roinnt cineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí teagaisc ar fáil ag <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/ga/Good-Practice/Videos/>. Más mian leat físeáin de dhea-chleachtas a roinnt maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i dteagasc agus i bhfoghlaim i do scoil, seol r-phost gairid ag imlíniú do chleachtas chuig Technologyineducation@pdst.ie

FGL

- Faisnéis a bhaineann le forbairt ghairmiúil ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Training/> agus trí d'ionad oideachais áitiúil <http://www.ateci.ie/education-centres.html> agus bealaí ábhartha meán sóisialta na n-eagraíochtaí seo
- Forbrófar cláir forbartha gairmiúla breise maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú thar thréimhse na Straitéise.

Suíomhanna Gréasáin Eile

Tá suíomhanna gréasáin eile ann a thugann comhairle agus eolas cabhrach maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i dteagasc, foghlaim agus measúnú:

- <http://www.sess.ie/>
- <http://www.nbss.ie/>
- <http://www.jct.ie> agus www.juniorcycle.ie
- <http://www.ncca.ie/en/>
- <https://teachercpd.ie/>
- <https://dlplanning.ie/>
- <http://pdst.ie>
- <http://www.ateci.ie/education-centres.html>
- <https://www.webwise.ie/> - faisnéis, comhairle agus acmhainní oideachais in aisce a thugann aghaidh ar raon saincheisteanna agus imní sábháilteachta idirlín, do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

Críoch